



## BEARTAS FOSTAÍOCHTA

Ceann de phríomhspríocanna straitéis Eoraip 2020 is ea níos mó post agus poist níos fearr a chruthú. Rannchuidíonn straitéis fostaíochta na hEorpa (SFE) le ‘comhordú bog’ a bhuí lena próiseas faireacháin agus lena hionstraimí maoiniúcháin gaolmhara. Tá dlí an Aontais ábhartha i réimsí áirithe bíodh is gur ar na rialtais náisiúnta go príomha atá an fhreagracht as fostaíocht agus as beartas sóisialta.

### BUNÚS DLÍ

Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagail 8-10, 145-150, 156-159 agus 162-164 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### CUSPÓIRÍ

Áirítear leis na prionsabail, cuspóirí agus gníomhaíochtaí tábhachtacha arna lua in CFAE ardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn trí straitéis chomhordaithe, go háirithe maidir le lucht saothair a chruthú atá oilte agus solúbtha agus a bhfuil oiliúint air agus margaí saothair a bheidh in ann freagairt ar athrú eacnamaíoch a fhorbairt. I gcomhréir leis an gclásal cothrománach in Airteagal 9 CFAE, ní mór cuspóir an ardleibhéil fostaíochta a chur san áireamh agus beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Ó na céimeanna tosaigh (1950idí go dtí na 1990idí) go dtí straitéis Eoraip 2020 Chomh fada siar leis na 1950idí, bhí oibríthe ag baint leas as ‘cúnamh athoiriúnaithe’ sa Chomhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC). Rinneadh cúnamh a dheonú d’oibríthe sna hearnálacha guail agus cruach a raibh a bpoist faoi bhagairt ag an athstruchtúrú tionsclaíoch. Ba é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) ([2.3.2 Ciste Sóisialta na hEorpa](#)), arna chruthú go luath sna 1960idí, an phríomhuirlis chun an dífhostaíocht a chomhrac.

Go luath sna 1980idí agus sna 1990idí, dhírigh cláir ghníomhaíochta um fhostaíocht ar spriocghrúpaí sonracha, agus bunaíodh roinnt córais doiciméadúcháin agus faireachais.

I gcomhthéacs an ardleibhéil fostaíochta i roinnt mhaith tíortha AE, chuir an Páipéar Bán ar an bhFás, ar an lomaíochas agus ar an bhFostaíocht (1993) tús le díospóireacht



ar straitéis eacnamaíoch agus fostaíochta na hEorpa trí shaincheist na fostaíochta a chur ar bharr chlár oibre AE den chéad uair.

Ba bhunús é an Teideal Fostaíochta nua i gConradh Amstardam, a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 1999 le Straitéis Fostaíochta na hEorpa agus leis an gCoiste Fostaíochta buan agus conradhbhunaithe a bhfuil stádas comhairleach aige a bhunú chun comhordú bheartais saothair agus fostaíochta na mBallstát a chur chun cinn. Go príomha, is ag na Ballstáit go fóill atá an iniúlacht eisiach le haghaidh an bheartais fostaíochta. Méadaíodh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe trí 'phrótacal sóisialta' a chur san áireamh sa Chonradh ([2.3.7](#). Idirphlé sóisialta

Le Cruinniú Mullaigh Fostaíochta Lucsamburg i mí na Samhna 1997, seoladh straitéis fostaíochta na hEorpa (SFE) mar aon leis an modh oscailte comhordúcháin — an próiseas ar a dtugtar próiseas Lucsamburg, ar timthriall comhordúcháin agus faireacháin bhliantúil é le haghaidh beartais fostaíochta náisiúnta bunaithe ar thiomantas na mBallstát sraith cuspóirí agus spriocanna comhchoiteanna a bhunú.

Shocraigh SFE ardleibhéal fostaíochta ar aon dul leis na cuspóirí maicreacnamaíochta maidir le fás agus cobhsaíocht.

In 2000, tháinig Comhairle Eorpach Liospóin ar chomhaontú maidir leis an sprioc nua straitéiseach i dtaca le geilleagar a dhéanamh de AE a bheadh 'ar an ngeilleagar bunaithe ar eolas is iomaíche agus is dinimiciúla ar domhan', ina gcuimseofaí an lánfhostaíocht mar chuspóir uileghabhálach maidir le fostaíocht agus beartas sóisialta, agus maidir leis an sprioc i dtaca le cuspóirí nithiúla a bhí le baint amach faoi 2010 (Straitéis Liospóin).

Rinneadh athbhreithniú ar SFE in 2002 agus athsheoladh é in 2005, le fócas dírithe ar an bhfás agus ar phoist. Chun na próisis a shimpliú agus a shruthlíniú, tugadh isteach creat ama ilbhliantúil (ba í tréimhse 2005-2008 an chéad timthriall) agus, maidir leis na treoiríntefostaíochta, rinneadh iad a chomhtháthú sna mór-threoirínté beartas eacnamaíoch (BEPG).

Tar éis na géarchéime airgeadais in 2010, glacadh an straitéis Eoraip 2020 in éineacht le tabhairt isteach an tseimeastair Eorpaigh mar an sásra chun beartas airgeadais agus eacnamaíoch a chomhordú.

Leis an straitéis 10 mbliana sin do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, sainíodh roinnt príomhspríocanna den chéad uair, lena n-áirítear:

- Margadh an tsaothair: rannpháirtíocht daoine d'aois 20 bliain go 64 bliana sa mhargadh saothair a mhéadú go dtí 75% faoi 2020;
- Cuimsiú sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac: 20 milliún duine ar a laghad a shaoradh ón mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta;
- Cáilíocht agus feidhmíocht na gcóras oideachais agus oiliúna a fheabhsú: céatadán na luathfhágálaithe scoile a laghdú go dtí 10% (ó 15%), agus sciar na ndaoine idir 30-34 bliana d'aois a bhfuil oideachas triú leibhéal nó oideachas coibhéiseach orthu a mhéadú go dtí ar a 40% ar a laghad (in ionad 31%).

Ní mór do na Ballstáit na cúig phríomhspríoc a aistriú ina spriocanna náisiúnta, agus a ndálaí tosaigh agus a n-imthosca náisiúnta á gcur san áireamh.



Leis an timthriall faireacháin le haghaidh beartais fostaíochta, áirítear na codanna seo a leanas:

- Treoirínte fostaíochta, arna gceapadh ag an gCoimisiún agus arna nglacadh ag an gComhairle;
- Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, arna foilsiú ag an gCoimisiún agus arna glacadh ag an gComhairle;
- Pleananna i ndáil leis an gClár Náisiúnta um Athchóiriú (CNAnna)
- Tuarascálacha na dtíortha agus moltaí tír-shonracha (MTSanna), arna gceapadh ag an gCoimisiún agus glacadh an dara ceann ag an gComhairle.

Léirítear leis na treoirínte fostaíochta (Airteagal 148 CFAE) spriocanna straitéiseacha le haghaidh beartais náisiúnta fostaíochta agus tá tosaíochtaí beartais maidir le réimse na fostaíochta, réimse an oideachais agus réimse cuimsiú sóisialta ar fáil iontu. Comhcheanglaítear tosaíochtaí beartais agus roinnt príomhghnéithe leanúnacha iontu. Tá ceithre threoirínte fostaíochta ina gcuid de na 10 dtreoirínte chomhtháite ina bhfuil sé mhór-threoirínte beartais eacnamaíoch (Airteagal 121 de CFAE).

In 2018, rinneadh na treoirínte fostaíochta a chur ar aon dul le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([2.3.1. An beartas sóisialta agus fostaíochta: prionsabail ghinearálta](#)). I gcomhaontú le Parlaimint na hEorpa, coinníodh iad le haghaidh 2019. Déantar na ceithre ghné den Straitéis Bhliantúil Fáis Inbhuanaithe (ASGS) a chomhtháthú sna treoirínte is déanaí (2020), agus go háirithe gné na hinbhuanaitheachta, rud a léiríonn an scéal faoin Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Eanáir 2020 dar teideal 'Eoraip Shóisialta níos Láidre do na hAistrithe Córa', agus lena gcomhtháthaítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe. Díríonn siad ar cheithre réimse:

- Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar (cruthú post, cánachas saothair agus socrú pá);
- Feabhas a chur ar shaothar agus rochtain ar fhostaíocht, ar scileanna agus ar inniúlachtaí a fheabhsú
- Feidhmiú níos fearr na margaí saothair agus éifeachtacht an idirphlé shóisialta;
- Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac

## **B. Gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh an dlí – dlí an Aontais**

Bunaithe ar na forálacha a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le réimsí fostaíochta agus gnóthaí sóisialta, glacadh roinnt treoracha, rialachán agus cinntí chun caighdeán íosta a chinntiú ar fud Bhallstáit an Aontais sna réimsí seo a leanas:

- Sláinte agus sábháilteacht ag an obair: oibleagáidí agus cearta ginearálta agus sonracha, trealamh oibre, riosca sonracha, e.g. substaintí contúirteacha, carcanaiginí ([2.3.5. Sláinte agus sábháilteacht ag an obair](#))



- Comhionannas deiseanna do mhná agus d'fhir: cóir chomhionann san obair, toircheas, saoire mháithreachais, saoire do thuismitheoiri ([2.3.9](#). An comhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe)
- Cosaint in aghaidh idirdhealú bunaithe ar ghnéas, ar chine, ar reiligiún, ar mhíchumas agus ar ghnéaschlaonadh ([2.3.9](#). An comhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe)
- Dálaí oibre: obair pháirtaimseartha, conarthaí ar théarma seasta, uaireanta oibre, fostaíocht daoine óige, fostaíthe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ([2.3.6](#). Ceart na n-oibríthe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta [2.3.7](#). Idirphlé sóisialta)
- Seirbhísí tacaíochta: Cinneadh Uimh. 573/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gcomhar feabhsaithe idir na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) ar cuireadh fad seacht mbliana eile leis i mí na Samhna 2020.

Tacaíonn dlíthe eile Eorpacha leis na saoirsí bunúsacha lena rialaítear gluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil laistigh de AE (margadh aonair):

- Saorghluaiseacht oibríthe: an chóir chomhionann, rochtain ar shochair shóisialta ([2.1.5](#) Saorghluaiseacht oibríthe)
- Oibríthe a phostú: an fad tréimhse, an pá, na hearnálacha atá cumhdaithe ([2.1.13](#). Oibríthe a phostú)

### C. Comhordú trí Mholtaí agus tionscnamh beartais:

Sa bhreis ar an “reachtaíocht chrua”, mar a thugtar uirthi, atá thuasluaite, cuidíonn bearta breise chun an comhar idir Ballstáit an Aontais a fheabhsú trí “reachtaíocht bhog”. Cuimsíonn an dara ceann moltaí ón gComhairle, ar gníomhartha dlíthiúla neamhcheangailteacha iad, agus tionscnaimh eile beartais atá foilsithe ag an gCoimisiún. Más rud é go n-eagraítear go maith iad ar leibhéal na hEorpa, go dtugtar tacaíocht dóibh agus go ndéantar faireacháin orthu, is féidir leo tionchar suntasach a bheith acu. I measc thionscnaimh beartais thábhachtacha an Aontais, airítear, mar shampla, an méid seo a leanas:

- An Moladh ón gCoimisiún maidir le Ráthaíocht d’Aos Óg na hEorpa a bhunú (Aibreán 2013), a bhfuil sé mar aidhm aige go n-áiritheofar go bhfaighidh gach duine óg faoi bhun 25 bliana d’aois tairscint mhaith fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó cúrsa oiliúna laistigh de cheithre mhí tar éis dó nó di a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil; I rún a glacadh an 8 Deireadh Fómhair, chuir an Pharlaimint in iúl gur mian léi go mbeadh an Ráthaíocht don Aos Óg ceangailteach;
- An Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí (a seoladh i mí Iúil 2013);
- Moladh ón gCoimisiún maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna (Márta 2014);
- Moladh ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair (2016);



- Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach (2016) le haghaidh daoine óga a dhíríonn ar chúnaimh a thabhairt i gcás tubaistí nádúrtha agus cúnaimh a thabhairt chun dul i ngleic le saincheisteanna i bpobail;
- Clár Oibre do Scileanna don Eoraip (Meitheamh 2016). Leis an bpacáiste beartais sin, tugadh le chéile 10 bpríomhghníomhaíocht chun na scileanna atá ag teastáil i margadh an tsaothair a thabhairt do shaoránaigh. Ag tógáil ar Chlár Oibre Scileanna 2016, chuir an Coimisiún plean nua cúig bliana i láthair i mí Iúil 2020 chun cabhrú le daoine aonair agus le gnólachtaí tuilleadh scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt. Tá 12 ghníomhaíocht ann atá dírithe ar scileanna do phoist, chun a áirithiú go gcuirfear i gcrích an ceart chun oiliúna agus chun foghlama ar feadh an tsaoil ar fud na hEorpa.

Chun dálaí oibre a fheabhsú, lena n-áirítear cosaint shóisialta agus soghluaiseacht chothrom, thacaigh na trí institiúid de chuid an Aontais leis an gColún Eorpach Sóisialta i gcomhdhearbhú i mí na Samhna 2017 ([2.3.1. An beartas sóisialta agus fostaíochta: prionsabail ghinearálta](#)).

I mí na Bealtaine 2020, mar fhreagairt ar ráig COVID-19 agus ar na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis, bunaíodh ionstraim Eorpach nua chun Tacaíocht shealadach a thabhairt chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE). Soláthraíonn sé cúnaimh airgeadais do na Ballstáit chun poist agus oibríthe a chosaint trí scéimeanna oibre gearr-ama nó trí bhearta comhchosúla.

#### **D. Tacú le hionstraimí maoiniúcháin an Aontais**

Tacaíonn roinnt cláir mhaoiniúcháin AE le forbairt cláir tacaíochta, le bearta agus le forbairt cumas sna Ballstáit:

- Tacaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) le réimse leathan tionscnamh sna Ballstáit. Ina theannta sin, chomhaontaigh Comhairle na hEorpa i mí na Feabhra 2013 Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO) a chruthú chun díriú ar dhaoine óga idir 15-24 bliana d'aois nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) i réigiúin atá thíos leis go mór mar gheall ar an dífhostaíocht ([2.3.2. Ciste Sóisialta na hEorpa](#));
- Le Clár AE um fhostaíocht agus um nuálaíocht shóisialta (EaSI), arna ghlacadh ag an bParlaimint agus ag an gComhairle, tugtar le chéile trí chlár (PROGRESS - Clár um Fhostaíocht agus um Dhlúthpháirtíocht Shóisialta; EURES - Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta; agus Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta);
- Tacaíonn an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) le daoine a chaill a bpoist mar gheall ar athruithe struchtúracha i bpatrúin trádála dhomhanda.

I mí na Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún togra lena rialaítear tacaíocht do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus(CSE+) don tréimhse 2021-2027. Le CSE+ cumasctar roinnt cistí agus clár, go háirithe clár CSE, TFAO agus EaSI. Déanfaidh CSE+ agus CED a chéile a chomhlánú, óir tacaíonn CSE le bearta coiscitheacha agus le réamhbhearta, fad a fhanann CED de bheith ina chiste éigeandála freasaitheach lasmuigh den chreat airgeadais ilbhliantúil.



I mí na Bealtaine 2020, mhol an Coimisiún mórfhlean téarnaimh don Eoraip, lena leasófaí an togra bunaidh ó CSE+. Is é is aidhm don phlean nua an damáiste eacnamaíoch agus sóisialta a rinne paidéim COVID-19 a dheisiú, go háirithe trí phoist a chosaint agus a chruthú. (2.3.2. Ciste Sóisialta na hEorpa);

Chun cabhrú leis na Ballstáit a bhfreagairt ar ghéarchéim COVID-19 a mhaoiniú, bhunaigh an Coimisiún an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII) freisin. Cuirfear na cistí ar fáil do chórais cúraim sláinte, do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, do mhargaí saothair agus do chodanna leochaileacha eile de gheilleagair thíortha an Aontais.

Thairis sin, chun ionstraim SURE a mhaoiniú, tá bannaí sóisialta SURE á n-eisiúint ag an gCoimisiún.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tháinig forbairt ar ról na Parlaiminte sa réimse sin de réir a chéile. Ó tháinig Conradh Amstardam i bhfeidhm, caithfear dul i gcomhairle leis an bParlaimint maidir leis na treoirlínte fostaíochta sula nglacfaidh an Chomhairle iad. Ina theannta sin, chuir an modh oscailte comhordúcháin feabhas ar ról na bparlaimintí — ní ról Parlaimint na hEorpa amháin, ach ról na bparlaimintí náisiúnta ar cheart iad a bheith rannpháirteach maidir le socrú agus le gnóthú spriocanna náisiúnta chomh maith.

Tá tacaíocht láidir tugtha ag an bParlaimint do straitéis Eoraip 2020. Eascraíonn go leor de na tionscnaimh a dhíríonn ar an dífhostaíocht i measc na hóige a chomhrac ó mholtaí le haghaidh gníomhaíochtaí nithiúla, praiticiúla ón bParlaimint eadhon Ráthaíocht an Aontais don Aos Óg agus íoschaighdeáin maidir le socrúcháin oibre. Ó 2010, thacaigh an Parlaimint go láidir le bunú na Scéime Ráthaíochta don Aos óg, agus déanann sí faireachán ar a cur chun feidhme. Ina rún an 17 Iúil 2014, d'iarr sí go mbeadh creat dlíthiúil AE ann lena dtabharfaí isteach íoschaighdeáin maidir leis an ráthaíocht don aos óg a chur chun feidhme, — lena n-áirítear cáilíocht na bprintíseachtaí — agus lena gcumhdófaí daoine óga idir 25-30 bliain d'aois. I rún maidir leis an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais a glacadh in 2018, d'iarr an Parlaimint go ndéanfaí méadú suntasach ar mhaoiniú chun an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg a chur chun feidhme. Ina theannta sin, thacaigh an Parlaimint leis an gcur chuige a glacadh sa Mholadh maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach ina rún an 29 Deireadh Fómhair 2015. Bhí tionchar ag dianobair na Parlaiminte maidir le forbairt scileanna ar Chlár Oibre Nua Scileanna don Eoraip arna eisiúint ag an gCoimisiún i mí an Mheithimh 2016.

Cuirtear le fios go láidir le **rún ó Parlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 maidir leis an Seimeastar Eorpach** go bhfuil spriocanna agus gealltanais sóisialta AE chomh tábhachtach céanna lena spriocanna eacnamaíocha.

Ó thosaigh COVID-19, tá an Parlaimint ag iarraidh iarmhairtí diúltacha na géarchéime a mhaolú, go háirithe i margadh an tsaothair. I rún maidir le Treoirlínte Fostaíochta AE a glacadh an 10 Iúil 2020, d'iarr na Feisirí go ndéanfaí bearta radacacha chun an suaitheadh a eascraíonn as an bpaidéim a mhaolú, go háirithe athbhreithniú ar na



treoirínite atá le teacht i bhfianaise na staide, agus an gá dul i ngleic le dífhostaíocht i measc na n-óg trí Ráthaíocht fheabhsaithe don Aos Óg.

Regina Konle-Seidl / Zahra Boudalaoui-Buresi  
12/2020

